CIGIREACHT RÉAMHSCOILE



# Naíscoil Dhún Pádraig, Dún Pádraig

An Chigireacht Oideachais is Oiliúna

Márta 2010

The Education and Training Inspectorate - Promoting Improvement

Providing Inspection Services for
Department of Education
Department for Employment and Learning
Department of Culture, Arts and Leisure

INVESTOR IN PEOPLE

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil Dhún Pádraig |
| **Seoladh:** | Ionad Paróiste Naomh Mícheál<br>99 Sráid na nÉireannach<br>DÚN PÁDRAIG<br>Co an Dúin<br>BT30 6BS |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 11 Márta 2010 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | 27 Márta 2003 |

### 1. Sonraí faoi na Páistí

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 16 | 14 |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 16 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 16 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 0 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 1 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 2 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán* | 92.4% | - |

* Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| Líon: | Lánaimseartha | Páirtaimseartha |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 0 | 3 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 0 | 3 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 0 |

| Líon: ** | |
|---|---|
| Mic léinn | 1 |
| Oiliúnaithe | 0 |

** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| Fad ama sheisiún na maidine | Fad ama sheisiún an tráthnóna | Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe |
|---|---|---|
| 2¾ huaire an chloig | - | 174 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 30 |
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 36.7% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 4 |

**NAÍSCOIL DHÚN PÁDRAIG, DÚN PÁDRAIG, CO AN DÚIN, BT30 6BS (4AB-0409)**

1. Is réamhscoil lán-Ghaeilge í Naíscoil Dhún Pádraig atá lonnaithe in Ionad Paróiste Naomh Mícheál ar Shráid na nÉireannach i nDún Pádraig. Is as an cheantar máguaird do bhunús na bpáistí a fhreastalaíonn ar an réamhscoil. Tráth a ndearnadh an chigireacht bhí an ceannaire nua ar an ghrúpa súgartha bliain amháin sa phost.

2. Mar chuid de na socruithe don chigireacht ar thréadchúram agus ar chosaint páistí, tugadh deis do na tuismitheoirí, don choiste bainistíochta agus don fhoireann ceistneoir rúnda a chomhlánú roimh an chigireacht. Cuireadh tríocha ceistneoir amach chuig na tuismitheoirí; seoladh thart ar 37% acu ar ais chuig Brainse na Seirbhísí Cigireachta agus bhí tráchtanna breise scríofa laistigh de cheithre cinn acu. Léiríodh leis na freagairtí sna ceistneoirí gur mór leis na tuismitheoirí tiomantas an cheannaire agus na foirne agus an réimse maith eispéireas a chuirtear ar fáil dá gcuid páistí sa réamhscoil. Rinneadh an dornán beag de cheisteanna a tógadh i gceistneoirí na dtuismitheoirí a roinnt leis an cheannaire agus leis an choiste bainistíochta. D'fhreagair cúigear ón choiste bainistíochta do na ceistneoirí agus bhí tráchtanna breise laistigh de cheithre cinn de na freagairtí seo. Bhí na freagairtí go hiomlán dearfach agus léiríodh leibhéal ard sástachta le saol agus le hobair na réamhscoile.

3. Tá caighdeán an tsoláthair don tréadchúram laistigh den réamhscoil go han-mhaith. Ar na buanna bhí caidreamh an-mhaith oibre idir an fhoireann agus na páistí agus atmaisféar fáilteach a ritheann trí gach gné de shaol na réamhscoile.

4. Tá socruithe sásúla i bhfeidhm sa réamhscoil maidir le cosaint páistí. Léirítear sna socruithe seo an treoir atá eisithe ag an Roinn iomchuí. Ní mór don choiste bainistíochta agus don fhoireann a chinntiú go bhfaighidh gach tuismitheoir cóip den pholasaí agus de na cleachtais maidir le cosaint páistí mar chuid den chlár ionduchtúcháin don réamhscoil.

5. Tugtar aird mhaith sa réamhscoil ar chur chun cinn an bhia shláintiúil. Mar shampla, bíonn réimse maith de thorthaí úra ag na páistí mar chuid den sos buifé agus bíonn fáil acu ar uisce óil ar feadh an tseisiúin. Ar a bharr sin, baineann na páistí tairbhe ar bhonn laethúil as na deiseanna sásúla le haghaidh súgradh fisiceach.

6. Glacann beagnach gach páiste páirt i rólimirt chomhoibritheach shamhlaíoch agus bíonn siad rannpháirteach i dtréimhsí marthanacha de shúgradh comhdhírithe. Déanann na páistí roghanna neamhspleácha agus bíonn siad freagrach as a dtimpeallacht súgartha féin. Tá scileanna maithe éisteachta agus dúil sa léitheoireacht á bhforbairt acu trí eiseamláiriú na foirne ar léitheoireacht ar iarratas agus mar chuid de na seisiúin scéalaíochta. Tuigeann bunús na bpáistí treoracha na foirne as Gaeilge agus tá mionlach ag tosú a fhreagairt don fhoireann trí fhocail Ghaeilge ardmhinicíochta a úsáid i rith an lae. Bíonn áisc d'idirghníomhú ar chaighdeán maith idir an fhoireann agus na páistí trína gcuirtear spraoi agus sult na bpáistí chun cinn agus as a n-eascraítear smaointe ó am go chéile lena gcuirtear scileanna smaointeoireachta agus forbairt chainte na bpáistí chun cinn. Ní mór don fhoireann bheith níos meabhraí ar na féidearthachtaí le haghaidh foghlama laistigh de na hábhair agus de na gníomhaíochtaí pleanáilte, agus ní mór dóibh straitéisí níos éifeachtaí a úsáid chun breis-shíneadh a dhéanamh ar theanga agus ar fhoghlaim na bpáistí.

7. Soláthraítear, le clár oideachais an ionaid, deiseanna sásúla le haghaidh foghlama i mbunús na réimsí den churaclam réamhscoile. Ar na buanna ar leith a breathnaíodh le linn na cigireachta, bhí an aird a thugtar ar chur chun cinn fhorbairt phearsanta, shóisialta agus mhothúchánach na bpáistí, ar shuim na bpáistí sa rólimirt agus ar luathsmaointe agus ar luathchoincheapa matamaiticiúla. Bíonn na páistí ag comhaireamh ar bhonn neamhfhoirmeálta, ag forbairt tuiscint mhaith ar an mhatamaitic i gcomhthéacs sóisialta, agus baineann siad úsáid as teanga chomparáideach mar chuid lárnach dá gcuid súgartha le gaineamh, le taos agus le huisce.

8. Bíonn cothromaíocht sa chlár ama laethúil idir súgradh lánroghnach agus mionghníomhaíochtaí grúpa a ndéanann na daoine fásta iad a stiúradh. Feidhmítear am smailce na bpáistí go neamhthreallúsach agus bíonn deiseanna fóirsteanacha ag na páistí chun scileanna tábhachtacha sóisialta a thógáil.

9. Tá dul chun cinn sásúil á dhéanamh ag an fhoireann maidir le forbairt a gcuid pleanála gearrthréimhsí. Ní mór leanúint leis an obair seo lena chinntiú go sainaithnítear níos soiléire leis an phleanáil na féidearthachtaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí súgartha le go dtig an fhoireann a stiúradh níos éifeachtaí san obair laethúil a bhíonn ar bun acu leis na páistí agus le go mbeidh go leor dul chun cinn agus dúshlán ann chun freastal ar riachtanais fhoghlama na bpáistí. Ar a bharr seo, déanann an fhoireann córas eochair-oibrí a fheidhmiú agus déanann siad breathnú ar dhul chun cinn na bpáistí agus ar a gcuid freagairtí don súgradh a thaifeadadh. Ní mór go mbeadh an breathnú seo níos déine agus go mbeadh sé nasctha, de réir mar is cuí, leis an chlár atá pleanáilte chun tacú leis an phleanáil agus chun freastal ar riachtanais sonracha foghlama na bpáistí.

10. Tá an ceannaire tiomanta d'fhorbairt na réamhscoile. Tá spiorad foirne an-mhaith i measc na foirne tiomanta agus tá tuiscint shoiléir acu ar na réimsí ina bhfuil breisfhorbairt de dhíth, go háirithe na saoráidí súgartha taobh amuigh, an breathnú agus an phleanáil. Tá obair ar bun ag an fhoireann chun a gcuid muiníne agus a gcuid inniúlachtaí sa Ghaeilge a shíneadh, rud atá iomchuí. Faoi stiúir chomhairleoir luathbhlianta ALTRAM, tá feabhsúcháin riachtanacha fhóirsteanacha déanta ag an fhoireann ar an timpeallacht fhoghlama. Léirítear, leis an phlean forbartha réamhscoile atá ar chaighdeán maith, réimsí iomchuí ar gá feabhsúchán incriminteach a dhéanamh iontu. Ní mór don choiste bainistíochta, don fhoireann agus do chomhairleoir luathbhlianta ALTRAM leanúint leis an chomhoibriú chun tógáil ar an obair bhunaidh seo agus ní mór dóibh leanúint le hardú na gcaighdeán trí chur chuige dian córasach i leith na féinmheastóireachta.

**11. Áirítear i measc eochair-bhuanna na réamhscoile seo:**

- an caidreamh an-mhaith oibre ag gach leibhéal;
- bainisteoireacht an cheannaire úir agus an cur chuige foirne i leith na forbartha curaclaim;
- caighdeán an-mhaith na comhairle ó chomhairleoir luathbhlianta ALTRAM chun feabhsúcháin a chur chun cinn sa réamhscoil;
- an caighdeán maith atá ag baint le rólimirt chomhoibritheach shamhlaíoch na bpáistí; agus
- an tuiscint atá á forbairt sna páistí ar an Ghaeilge.

**12. Áirítear mar chuid den tosaíocht a sainaithníodh le haghaidh feabhsú breise:**

- gur gá breisfhorbairt a dhéanamh ar na modhanna pleanála agus measúnaithe chun an fhoghlaim atá le cur chun cinn a shainaithint agus le go mbeidh dul chun cinn agus dúshláin sa chlár réamhscoile ar fud na bliana.

13. I mbunús na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraítear sa réamhscoil seo sásúil; is mó na buanna ná na réimsí a bhfuil feabhsúchán de dhíth iontu sa soláthar. Tá sainaitheanta sa chigireacht go bhfuil gá le feabhsúchán i ngnóthachtáil na bpáistí agus ní mór tabhairt faoi seo má táthar le freastal níos éifeachtaí a dhéanamh ar riachtanais na bpáistí uile. Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn na réamhscoile maidir le tabhairt faoin réimse ina bhfuil gá le feabhsúchán.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2010

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codana, seachas lehaghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofarfoinse agus dáta na tuairisce ann.

Tá cóipeanna den tuairisc seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cigireachta: www.etini.gov.uk

INVESTORS IN PEOPLE